



## CÚNAMH STRUCHTÚRTHA IASCAIGH

Cé gur maoiníodh an beartas Eorpach iascaigh ar dtús leis an Ionstraim Airgeadais um Threoraíocht Iascaigh (IATI), maoiníodh leis an gCiste Eorpach Iascaigh (CEI) é don tréimhse 2007-2013, agus maoinítear leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) faoi láthair é, a bhfuil luach EUR 6.4 billiún air don tréimhse 2014-2020. Le CEMI, tugtar tacaíocht d'iascairí atá ag aistriú go dtí an iascaireacht inbhuanaithe, tugtar tacaíocht do phobail cois cósta a ngeilleagair a éagsúlú agus maoinítear tionscadail chun poist nua a chruthú agus chun an caighdeán saoil feadh chósta na hEorpa a fheabhsú.

### AN BUNÚS DLÍ

Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle.

Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh.

### CUSPÓIRÍ

Is é príomhchuspóir an bheartais struchtúraigh iascaigh ná na bearta airgeadais a sholáthar chun an comhbheartas iascaigh (CBI) a chur chun feidhme agus limistéar iascaigh agus dobharshaothraithe a fhorbairt go hinbhuanaithe. Tugtar tacaíocht d'iascairí ceanglais nua a chomhlíonadh amhail iad siúd a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, bearta sábháilteachta nua agus athruithe ar dhálaí oibre, bailiú sonraí agus bonneagar calafoirt.

### A BHFUIL BAINTE AMACH

#### A. Cúlra

Cuireadh tús leis an mbeartas struchtúrach iascaigh in 1970 leis an gcinneadh an Ciste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT), an Roinn



Treoraíochta, a chur i bhfeidhm chun tacú le tógáil, nuachóiriú, margaíocht agus próiseáil laistigh d'earnáil an iascaigh.

In 1992, rinne Comhairle Eorpach Dhún Éideann cinneadh an beartas struchtúrach iascaigh lena chuspóir féin, is é sin Cuspóir 5 (a) (oiriúnú na struchtúr iascaigh), agus a ionstraim airgeadais féin, is í sin an Ionstraim Airgeadais um Threoraíocht Iascaigh (IATI), a ionchorprú sna Cistí Struchtúracha. Chun tacaíocht airgeadais a sholáthar do limistéir a bhíonn ag brath ar earnáil an iascaigh, cuireadh an tionscnamh Comhphobail maidir le hathstruchtúru na hearnála iascaigh (PESCA) i bhfeidhm don tréimhse 1994-1999, mar aon le bearta tionlacain amhail luathscor, dreasachtaí d'iascairí óga, etc.

Le Clár Oibre 2000, tugadh isteach treoirlínte nua inar cuireadh san áireamh ionchorprú fhadhbanna struchtúracha na limistéar a bhíonn ag brath ar an iascach i gCuspóir nua 2 de chuid na gCistí Struchtúracha agus neamh-athnuachan thionscnamh PESCA in 2000. Le Rialachán (CE) Uimh. 1263/1999 ón gComhairle, bunaíodh creat nua IATI maidir le hidirghabháil don tréimhse 2000-2006, ag féachaint le cothromaíocht inbhuanaithe idir acmhainní iascaigh agus a saothrú a bhaint amach.

## **B. An Ciste Eorpach Iascaigh (CEI)**

**1.** Mar chuid den athchóiriú an ar gComhbheartas Iascaigh, tháinig CEI in ionad IATI ón tréimhse 2007-2013 amach agus tá cúig thosaíocht ann:

- Tacú le príomhchuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh, saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní iascaigh a chinntiú agus cothromaíocht chobhsaí idir na hacmhainní sin agus acmhainn fhliú iascaireachta an Aontais a chinntiú;
- Iomaíochas agus inmharthanacht eacnamaíoch na n-oibreoirí san earnáil a mhéadú;
- Modhanna iascaireachta agus táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn;
- Tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil dóibh siúd atá fostaithe san earnáil;
- Éascú a dhéanamh ar éagsúlú na gníomhaíochta eacnamaíche i limistéir a bhíonn ag brath ar an iascaireacht.

B'ionann buiséad iomlán CEI i gcomhair 2007-2013 agus EUR 3 849 milliún (EUR 2 908 milliún i gcomhair limistéir chóineasaithe agus EUR 941 mhilliún i gcomhair limistéir neamhchóineasaithe).

**2.** Cineálacha gníomhaíochtaí:

- Bearta chun fliú iascaireachta an Chomhphobail a oiriúnú (cúnamh chun soithí iascaireachta a tharraingt siar go buan nó go sealadach, nó cúnamh d'oiliúint, ath-implonú nó luathscor);
- Dobharshaothrú, próiseáil agus margaíocht: fáil agus úsáid trealaimh agus modhanna a chur chun cinn lena laghdaítear tionchar na hiascaireachta ar an gcomhshaol, go háirithe tionchar na hiascaireachta a dhéanann fiontair bheaga agus micrifhiontair;



- Bearta leasa choitinn: tionscadail a chuidigh leis an bhforbairt inbhuanaithe nó le caomhnú acmhainní, le margaí na dtáirgí iascaigh a neartú nó le comhpháirtíochtaí idir eolaithe agus oibreoirí in earnáil an iascaigh a chur chun cinn, bhí siad incháilithe do chúnamh;
- Forbairt inbhuanaithe na limistéar iascaigh cois cósta: tacaíocht do bhearta agus do thionscnaimh atá dírithe ar fhorbairt eacnamaíoch i limistéir a ndéanann an laghdú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta difear dóibh a éagsúlú agus a neartú;
- Cúnamh teicniúil: gníomhaíocht a bhaineann le hullmhú, le faireachán, le tacaíocht riaracháin agus teicniúil, le meastóireacht, le hiniúcháireacht agus le rialú is gá chun an rialachán atá beartaithe a chur chun feidhme.

Bhí na Ballstáit freagrach as leithdháileadh na n-acmhainní airgeadais i measc na gcúig thosaíocht sin.

## **AN CISTE EORPACH MUIRÍ AGUS IASCAIGH (CEMI)**

Chun éifeacht a thabhairt do chomhaontú na Parlaiminte leis an gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh nua atá athbhreithnithe ó bhonn, rinneadh tuilleadh leasuithe ar CEMI, a mhol an Coimisiún agus a ndearna an Pharlaimint athruithe air ar dtús in 2013, agus cuireadh an cruth deiridh air i gcomhaontú leis an gComhairle.

Tá an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh ar cheann de chúig cinn de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE) don tréimhse 2014-2020. Is cuid de Cheanteideal 2 é an Ciste: Fás inbhuanaithe agus acmhainní nádúrtha. Is é an phríomhuirlis airgeadais é chun tacú le comhbheartas iascaigh an Aontais Eorpaigh (CBI). Tá sé mar aidhm le cuid bheag de CEMI tacú le beartas muirí comhtháite (BMC). Den chuid is mó, cuireann CBI an iascaireacht inbhuanaithe, an dobharshaothrú inbhuanaithe, rialú agus forfheidhmiú, bailiú sonraí agus an geilleagar gorm chun cinn. Le CEMI, tugtar tacaíocht freisin do chuspóirí ar fud an Aontais Eorpaigh i ngnóthaí muirí agus cósta amhail an rialachas idirnáisiúnta, eolas muirí agus planáil spásúil mhuirí. EUR 6 400 milliún an méid iomlán atá leithdháilte ar CEMI don tréimhse 2014-2020. Feidhmíonn Cistí SIE faoi rialacha agus forálacha coiteanna (féach Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013), a fheabhsaíonn agus a chomhchuibhíonn a gcomhordú agus a gcur chun feidhme. Le CEMI, cómhaoineítear tionscadail i gcomhar leis an maoiniú náisiúnta: leithdháiltear sciar de bhuiséad iomlán an Chiste ar gach Ballstát, ag brath ar mhéid a tionscail iascaireachta (leibhéal na fostaíochta agus an táirgthe, méid an fhlíit iascaireachta, etc.). Ina dhiaidh sin, ullmhaíonn gach Ballstát clár oibriúcháin ina dtugtar tuairisc ar leithdháileadh na n-acmhainní cistiúcháin, a bheidh le formheas ag an gCoimisiún. Tá sainordú ag na húdaráis náisiúnta na tionscadail atá le maoiniú a roghnú, agus is iad atá freagrach go comhphárteach leis an gCoimisiún as cur chun feidhme an chláir oibríochtúil.

Leis an gclár seo, tugtar tacaíocht do na ceithre príomhréimse seo a leanas:

- A.** Iascach AE atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de
- Infheistíocht i dtrealamh iascaireachta níos roghnaithí chun deireadh a chur le hábhar muirí aiscurtha agus, ar an gcaoi sin, bainistiú a dhéanamh ar thionchar



na hoibleagáide gach gabháil a thabhairt i dtír arna forchur ag an athchóiriú ar CBI ó 2015;

- Tar éis éileamh sonrach a bheith déanta ar an bParlaimint, tosaíocht a thabhairt do bhailiú sonraí agus rialuithe trí mhéadú suntasach ar an sciar de CEMI a leithdháiltear chun na críche sin;
- Bearta chun stoic a chaomhnú, amhail tréimhsí scíthe bitheolaíocha, a chur chun feidhme;
- Rochtain ar fhóirdheontais d'oibreacha nach gcomhlíonann rialacha CBI a reo.

#### **B. Earnáil iascaigh iomaíoch de chuid AE**

- Cúnamh dul isteach (infheistíocht suas le EUR 75 000 i soithí faoi bhun 12 m) le haghaidh iascairí atá faoi bhun 40 a bhfuil taithí ghairmiúil cúig bliana ar a laghad acu san earnáil;
- Tacaíocht d'éagsúlú ioncam na n-iascairí trí ghníomhaíochtaí coimhdeacha (e.g. turasóireacht iascaireachta): go suntasach, dhiúltaigh an Pharlaimint don rogha go gcuirfí athoilúint ar iascairí, rogha a mhol an Coimisiún i dtús báire;
- Infheistíocht ar bord chun gabhálacha a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus a gcáilíocht a fheabhsú, chomh maith le hinfheistíocht i mbonneagar calafoirt chun an oibleagáid maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a chomhlíonadh;
- Tacaíocht don nuálaíocht, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar shoithí atá níos nua-aimseartha agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol;
- Tacaíocht do phleananna táirgthe agus margaíochta arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí táirgeoirí;
- Cúnamh scoir dheirdh chun soithí a dhiúscairt chun acmhainneacht agus iarracht iascaireachta an fhlít a laghdú;
- Tacaíocht chun innill a ionadú chun astaíochtaí cumhachta agus CO<sub>2</sub> a laghdú (ag brath ar chumhacht innill i gcomhair soithí idir 12 agus 24 mhéadar a laghdú).

#### **C. Dálaí sóisialta níos fearr**

- Infheistíocht chun an tsláinte, an sláinteachas agus an tsábháilteacht ar bord a fheabhsú;
- Gairmoiliúint d'iascairí;
- Ciste árachais fhrithpháirtigh a bhunú chun tubaistí nádúrtha agus tionóiscí comhshaoil nó tionóiscí a bhaineann leis an tsláinte a chumhdach (lena gcumhdaítear iascairí, mar aon le feirmeoirí oisrí i gcomhair an smola).

#### **D. Fás gorm (dobharshaothrú)**

- Tacaíocht chun forbairt na teicneolaíochta, an nuálaíocht agus an t-aistriú feasa a neartú;
- Iomaíochas agus inmharthanacht na bhfiontar do bharshaothraithe a fheabhsú, go háirithe i gcás fiontar bheaga agus mheánmhéide;



- Tionscnaimh chun an bhithéagsúlacht uisceach a chosaint agus a athbhunú agus chun éiceachórais a bhaineann leis an do Bharshaothrú a fheabhsú;
- Dobharshaothrú lena mbaineann leibhéal ard cosanta comhshaoil, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte agus sábháilteachta poiblí a chur chun cinn;
- Forbairt a dhéanamh ar oiliúint ghairmiúil, scileanna nua gairme agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Chun na bearta sin a chur chun feidhme, tá Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste (RIS3) ábhartha: baineann siad le cur chuige comhtháite, faoinar féidir tionscnaimh agus feidhmchláir nua a bhunú ar féidir iad a chur san áireamh i ngach gníomhaíocht eacnamaíoch atá ann cheana trí nuálaíocht, bunú gnólachtaí nua agus cur chuige ón mbun aníos a chur chun cinn. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag na príonsabail sin maidir le fás gorm a spreagadh.

### An Buiséad

Is ionann an CEMI do thréimhse 2014-2020 agus EUR 6.4 billiún. Déanann na Ballstáit 89 % den Chiste a bhainistiú; baintear feidhm as chun tionchar an iascaigh ar an muirthimpeallacht a laghdú, tuilleadh uirlisí don mhargadh a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do ghairmithe, chun cómhaoirseacht ar limistéir atá faoi chosaint a chur chun cinn, agus chun tacú leis an iascach mionscála. As an mhéid sin:

- Leithdháiltear EUR 4 340 milliún ar fhorbairt inbhuanaithe an iascaigh agus an do Bharshaothraithe, lena n-áirítear bearta a bhaineann le margáíocht agus próiseáil, cúnamh teicniúil, forbairt áitiúil agus tacaíocht do limistéir iascaigh;
- Leithdháiltear EUR 580 milliún ar bhearta rialaithe agus forfheidhmithe chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Chomhbheartais Iascaigh agus chun rochtain chothrom ar stoic shláintiúla a chosaint. Áirítear orthu sin rialú ar an rochtain ar mheánna, an iarracht iascaireachta, gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) agus cuótaí;
- Leithdháiltear EUR 520 milliún chun bailiú sonraí a mhaoiniú ar mhaithe le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an iascach (e.g. speicis tráchtála agus na dinimicí a bhaineann leis an iascach aonstóic chomh maith leis an iascach ilspeiceas, agus samhaltú éiceolaíoch na n-imchuach réigiúnach a thuiscint agus faireachán a dhéanamh orthu);
- Leithdháiltear EUR 71 milliún ar bhearta a bhaineann leis an ngeilleagar gorm, chun fás inbhuanaithe agus cruthú post a chur ar fáil ó acmhainní muirí i réimsí amhail an faireachas muirí, eolas níos fearr ar na farraigí agus na héiceachórais, agus saothrú freagrach na n-acmhainní muirí nua (fuinneamh, an bhiteicneolaíocht, etc.);
- Leithdháiltear EUR 192.5 milliún ar an gcúiteamh do na réigiúin is forimeallaí (RIFanna), a bhfuil a gcabhlach comhdhéanta de shoithí ar scála beag den chuid is mó. Cuireann CEMI san áireamh míbhuntáistí sonracha na réigiúin is forimeallaí trí chúnamh poiblí treisithe agus scéim chúitimh shonrach do na costais bhreise ar tháirgí iascaigh agus do Bharshaothraithe.



Bainistíonn an Coimisiún an 11 % eile go díreach chun tacú le tionscadail ar fud AE i ngnóthaí muirí agus cósta, lena n-áirítear an phleanáil spáis mhuirí, an rialachas agus comhar idirnáisiúnta, agus malartú faisnéise agus dea-chleachtas.

### An Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)

Le CAI, rialaítear an cúnamh struchtúrtha don Chomhbheartas lascaigh. Is in CAI a leagtar síos na huasmhéideanna bliantúla a fhéadfaidh AE a chaitheamh i réimsí polaitiúla éagsúla. Cuirtear scéim ar fáil faoi CAI chun clárú airgeadais agus smacht buiséadach a bhaint amach, lena gcinntítear gur féidir caiteachas AE a thuar agus go bhfanann sé laistigh de na teorainneacha a comhaontaíodh, ar feadh tréimhse atá fada go leor chun go mbeidh na comhbheartais éifeachtach. Tá CAI 2014-2020 roinnte ina shé chatagóir speansais a chomhfhreagraíonn do réimsí éagsúla gníomhaíochta, arb é Fás Inbhuanaithe agus Acmhainní Nádúrtha ceann amháin de na catagóirí sin, lena n-áirítear an Comhbheartas lascaigh agus a bhfuil buiséad EUR 420 billiún aige. An 2 Bealtaine 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a thogra do CAI 2021-2027, agus an 12 Meitheamh 2018, d'fhoilsigh AS MARE a thogra do CEMI ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí seo a leanas:

- An t-iascach inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní bitheolaíoch na mara a chothú;
- Cur le slándáil an tsoláthair bia san Aontas Eorpach tríd an dobhharshaothrú inbhuanaithe agus iomaíoch agus trí mhargaí inbhuanaithe agus iomaíoch;
- Fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a éascú agus pobail rathúla cois cósta a chothú;
- Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú agus farraigí agus aigéin atá sábháilte, slán, glan, agus a bhainistítear ar bhealach inbhuanaithe a éascú.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Vótálann an Pharlaimint ar an mbuiséad agus ar a urscaoileadh. Vótálann na comhreachtóirí ar thogra CEMI ag baint úsáid as an ngnáthnós imeachta reachtach. Déanann an Pharlaimint grinnschrúdú ar chaiteachas AE trí Chistí SIE le linn an nós imeachta bhliantúil um urscaoileadh buiséadach.

An 6 Iúil 2016, phléigh agus ghlac an Pharlaimint tuarascáil féintionscnaimh maidir le hullmhú an athbhreithnithe a dhéanfar ar CAI 2014-2020 tar éis na dtoghchán<sup>[1]</sup>, is é sin an t-ionchur a bheidh aici sa phróiseas sula dtíolacfaidh an Coimisiún an t-athbhreithniú meántearma ar CAI. An 11 Samhain 2017, vótáil an Coiste um Iascach (PECH) ar a thuairim don Choiste um Buiséid ar an gcéad CAI eile: ag ullmhú sheasamh na Parlaiminte maidir le CAI tar éis 2020.

An 13 Márta 2019, ghlac an Pharlaimint rún reachtach maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 maidir le rialacha áirithe a bhaineann le CEMI de bharr tharraingt siar

[1] IO C 101, 16.3.2018, lch. 64.



na Ríochta Aontaithe ón Aontas<sup>[2]</sup>. Tá feidhm ag Rialachán AE sin maidir le CEMI 2014-2020 atá ar siúl faoi láthair.

An 4 Aibreán 2019, ghlac an Pharlaimint togra reachtach le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh don tréimhse 2021-2027<sup>[3]</sup>. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gciste sin cistiú ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt don Comhbheartas lascaigh, do bheartas muirí an Aontais agus do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais i dtaca le rialachas aigéan.

Carmen-Paz Martí  
05/2019

---

[2] [P8\\_TA-PROV\(2019\)0183](#).

[3] [P8\\_TA\(2019\)0343](#).

